Fógra Stoirme Foilsithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin drochaimsir i ndeisceart na hÉireann agus Sasana. Roghnaigh an focal ceart ón bhosca do gach sainmhíniú thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

rabharta	**siotaí**	**atreoraithe**
cumhacht leictreach		**tuilte**
a bheith ar an airdeall		
hairicín	**áitritheoirí**	
Seirbhísí Éigeandála		
lánmhara		**smionagar**
cíor thuathail		

1. Séideáin mhóra gaoithe.
2. Nuair a bhíonn gaoth an-mhór ann, níos airde de cheithre mhíle agus seasca san uair, tugtar an focal seo uirthi.
3. Trína chéile.
4. Seo na giotaí agus na píosaí a bhíonn fágtha nuair a bhristear nó milltear rud éigin.
5. Ní bheadh aon solas sa teach agat gan í seo.
6. Bíonn siad ann nuair a bhíonn an áit lán le huisce.
7. Nuair a bhíonn an t-uisce san fharraige ag an leibhéal is airde.
8. Bíonn an lánmhara an-ard nó an-íseal ag an am seo, de ghnáth nuair a bhíonn gealach lán ann.
9. An grúpa atá le cuidiú a thabhairt nuair a bhíonn daoine i gcontúirt.
10. Curtha ar shlí eile.
11. A bheith cúramach.
12. Na daoine atá ina gcónaí san áit.

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a deirtear sa tuairisc faoi chúrsaí taistil i Londain agus timpeall na cathrach sin?

2. Cad atá ag tarlú in áiteanna ar nós Dorset, Dover agus Cornwall?

3. Cad atá na Seirbhísí Éigeandála a dhéanamh?

4. Cad a tharla sna haerfoirt a leanas:

Aerfort Bhaile Átha Cliath
Aerfort na Sionainne
Aerfort Chorcaí

5. Cad a d'fhógair an AA?

6. Cad atá déanta ag Comhairle na Cathrach i gCorcaigh?

Ceist 4 '*Inis Iocht*'

Luaitear an t-ainm Béarla don áit seo sa Tuairisc, cad é?
Tá an leagan Gaeilge do na háiteanna seo thíos luaite sa tuairisc, cad iad?

The Atlantic
England
Wales
London
Limerick
Waterford
Kerry
Cork

Ceist 5 '*ag teacht aniar*'

An Tuaisceart

An tIarthar An tOirthear

An Deisceart

1. Tá tú i gCorcaigh agus tá tú ag dul go Dún na nGall.
Tá mé ag dul ó thuaidh

2. Tá do chara ag teacht ar cuairt chugat ó Dhoire agus tá tusa i do chónaí i Luimneach.

_____

3. Tá tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath agus tá tú ag dul go Gaillimh don deireadh seachtaine.

_____

4. Tá do chara ag teacht ó Mhaigh Eo ar cuairt chugat go Baile Átha Cliath.

_____

5. Is as Tír Eoghain tú agus tá tú ar an bhus go Luimneach

---

4. Tá tú san Iarthar agus beidh tú ag filleadh ar ais go Baile Átha Cliath ar maidin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Caitheann muintir na hÉireann a lán ama ag caint faoin aimsir – an bhfuil topaic na haimsire suimiúil dar leat?
Cad í an stoirm ba mheasa a chonaic tú riamh?
An bhfuil baint ag an drochaimsir seo le téamh domhanda?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. Séideáin mhóra gaoithe. (siotaí)
2. Nuair a bhíonn gaoth an-mhór ann, níos airde de cheithre mhíle agus seasca san uair, tugtar an focal seo uirthi. (hairicín)
3. Trína chéile. (cíor thuathail)
4. Seo na giotaí agus na píosaí a bhíonn fágtha nuair a bhristear nó a mhilltear rud éigin. (smionagar)
5. Ní bheadh aon solas sa teach agat gan í seo. (cumhacht leictreach)
6. Bíonn siad ann nuair a bhíonn an áit lán le huisce. (tuilte)
7. Nuair a bhíonn an t-uisce san fharraige ag an leibhéal is airde. (lánmhara)
8. Bíonn an lánmhara an-ard nó an-íseal ag an am seo, de ghnáth nuair a bhíonn gealach lán ann. (rabharta)
9. An grúpa atá le cuidiú a thabhairt nuair a bhíonn daoine i gcontúirt. (Seirbhísí Éigeandála)
10. Curtha ar shlí éigin eile. (atreoraithe)
11. A bheith cúramach. (a bheith ar an airdeall)
12. Na daoine atá ina gcónaí san áit. (áitritheoirí)

Ceist 2

Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí buntuiscint an scéil a fháil.

Ceist 3

1. Tá cúrsaí taistil ina gcíor thuathail, cuireadh os cionn dhá chéad eitilt ar ceal go dtí seo ag aerfoirt i Londain. Is beag traenacha ar na ráillí ó dheas den chathair sin ach an oiread.
2. Taca an ama seo atá sé ceaptha a bheith ina lánmhara i gceantair Dorset, Dover agus Cornwall, agus is ansiúd is mó imní faoin rabharta.
3. Tá na Seirbhísí Éigeandála ag cur fainice ar an bpobal fanacht amach ón gcósta, ach tá daoine ann atá ag baint an-sult as an stoirm.
4. **Aerfort Bhaile Átha Cliath**: Tá moill idir dhá uair a chloig agus trí ar eitiltí ag teacht agus ag imeacht ansin.
   Aerfort na Sionainne: Tá sé chéad paisinéir a bhí atreoraithe ón áit sin i mBaile Átha Cliath faoi láthair agus níl a fhios againn fós conas nó cathain a chuirfear na daoine sin abhaile.
   Aerfort Chorcaí: Cuireadh cúig cinn d'eitiltí ar ceal nó atreoraíodh cúig cinn acu le linn an lae.

Ceist 4

Inis Iocht – Isle of White

The Atlantic – An tAtlantach
England – Sasana
Wales – An Bhreatain Bheag
London – Londain
Limerick – Luimneach
Waterford – Port Láirge
Kerry – Ciarraí
Cork – Corcaigh

Ceist 5
Tá do chara ag teacht ar cuairt chugat ó Dhoire agus tá tusa i do chónaí i Luimneach.
Tá sé/sí ag teacht aduaidh.

Tá tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath agus tá tú ag dul go Gaillimh don deireadh seachtaine.
Tá mé ag dul siar go Gaillimh.

Tá do chara ag teacht ó Mhaigh Eo ar cuairt chugat go Baile Átha Cliath.
Tá sé/sí ag teacht aniar.

Is as Tír Eoghain tú agus tá tú ar an bhus go Luimneach
Tá mé ar an bhus ó dheas.

Tá tú san Iarthar agus beidh tú ag filleadh ar ais go Baile Átha Cliath ar maidin.
Tá mé ag dul soir ar maidin.

An Tuaisceart (ag dul ó thuaidh/ag teacht aduaidh)

An tIarthar (ag dul siar/ thiar/ag teacht aniar)

An tOirthear (ag dul soir/ thoir/ ag teacht anoir)

An Deisceart (ag dul ó dheas/ Ag teacht aneas)

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Maolra Mac Donnchadha
Ní raibh an drochaimsir a bhí geallta ar an gcósta an-dona go fóill ach tá fógra stoirme foilsithe arís ag Oifig na hAimsire ag teacht aniar ón Atlantach, idir an dá linn tá áiteanna i Sasana agus sa Bhreatain Bheag dá fháil garbh le ceithre huaire is fichid.

Tá sé ag gleadhradh báistí agus ag séideadh ina ghála i ndeisceart na Breataine ó mhaidin agus siotaí nócha cúig míle san uair feicthe ar an *Isle of White* – sin fórsa hairicín. Tá cúrsaí taistil ina gcíor thuathail, cuireadh os cionn dhá chéad eitilt ar ceal go dtí seo ag aerfoirt i Londain. Is beag traenacha ar na ráillí ó dheas den chathair sin agus dúnadh bóithre sa réigiún agus sa Bhreatain Bheag de bharr crainn leagtha agus smionagar eile. Tá na scórtha míle gan cumhacht leictreach agus contúirt tuilte i mórchuid limistéar. Taca an ama seo atá sé ceaptha a bheith ina lánmhara i gceantair Dorset, Dover agus Cornwall, agus is ansiúd is mó imní faoin rabharta. Tá na Seirbhísí Éigeandála ag cur fainice ar an bpobal fanacht amach ón gcósta, ach tá daoine ann atá ag baint an-sult as an stoirm. Bhuel sin mar a bhí cúrsaí i rith an lae ar an gcósta ó dheas i Sasana ach céard faoin tír seo, bhí Barraí Mescal amuigh sa mbáisteach i gCorcaigh.

Barraí Mescall
Bhuel a Mhaolra, is iad na haerfoirt is mó atá buailte ag an drochaimsir inniu, i mBaile Átha Cliath mar shampla tá moill idir dhá uair a chloig agus trí ar eitiltí ag teacht agus ag imeacht ansin. Le linn an lae cuireadh ar ceal nó atreoraíodh ocht gcinn d'eitiltí de chuid Ryanair ó Heathrow, Gatwick agus Stansted. I gcás Aerfort na Sionainne tá sé chéad paisinéir a bhí atreoraithe ón áit sin i mBaile Átha Cliath faoi láthair agus níl a fhios againn fós conas nó cathain a chuirfear na daoine sin abhaile. Agus i gcás Aerfort Chorcaí cuireadh cúig cinn d'eitiltí ar ceal nó atreoraíodh cúig cinn acu le linn an lae. Dúirt Cumann na dTiománaithe nó an AA tráthnóna go bhfuil crainn leagtha ar fud na tíre go háirithe i Luimneach, Port Láirge, Ciarraí agus Corcaigh agus tugann sí comhairle do thiománaithe a bheith ar an airdeall má chaithfidh siad a bheith siad ag tiomáint tráthnóna. Agus faoin gcathair anseo tá rabhadh tugtha ag Comhairle na Cathrach d'áititheoirí atá ag maireachtáil cóngarach d'Abhainn na Laoi mar tá barr taoide ann ar a naoi a chloig agus tá an baol ann go dtiocfaidh an t-uisce isteach chucu.

Barra Mescal ag déanamh cur síos ar an doineann cois Laoi.